CEACHT 11

DAIDÍ AG IMEACHT



A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. mór, beag, deas, te, fuar, ...etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Oscail an doras, a Nuala. Éirigh, a Choilm.
Osclóidh mé. **Éireoidh mé.**

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá
Tá sé a hocht a chlog. Tá Nuala ag an doras. Tá Daidí ag imeacht. Tá Daidí ag dul ag obair. Tá Colm ag an mbord. Tá sé ag ithe.

C. Cleachtadh.

Cén t-am é?
Cá bhfuil Nuala?
Céard atá Daidí a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh ag Daidí?
Cá bhfuil Daidí ag dul?
Cá bhfuil Colm?
Céard atá sé a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh aige?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tá/Níl Daidí **ag rith/ag siúl/ag ithe,** etc.
Tá/Níl Colm **ag an mbord/ag an gcófra/ag an doras,** etc.

D. Leathnú

(a) **Amhrán** (An ceol ar théip)

Ding, Dong, Déró,
Ding, Dong, Déró,
Tá sé a hocht a chlog,
Tá Daidí ag imeacht.

(b) **Scéilín,** Daidí ag dul ag obair.